



Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Ainm na Seirbhíse:

Tá sé de chúram ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FnaSS), eagraíocht mhór a fhostaíonn breis agus 100,000 duine, gach seirbhís sláinte a reáchtáil do phobal an stáit. Cuireann FnaSS seirbhísí ar fáil ar bhealach trína gcuirtear othair agus cliant ag croí-lár na heagraíochta.

Tuairisc ar an tseirbhís agus ar a gníomhaíochtaí:

Prionsabail FnaSS chun leanaí a chosaint ó dhíobháil:

Tá sábháilteacht, leas agus forbairt leanaí agus daoine óga mar bunspríoc agus aidhm de chuid FnaSS. Ullmhaíodh na prionsabail teorach a leanas chun leanaí a chosaint de réir na Treorach Tús Áite do Leanáí agus na reachtaíochta:

- Tá gach duine freagrach as sábháilteacht agus leas leanaí.
- Caithfear tús áite a thabhairt don pháiste i gcónaí.
- Tá sé de cheart ag leanaí go gcloisfí iad, go n-éistfí leo agus go dtógfaí i ndáiríre iad. Ba chóir rudaí a phlé leo agus go mbeadh said páirteach i ngach ábhar agus cinneadh a d'fhéadfadh cur isteach ar a saol tar éis a n-aois agus a dtuiscint a chur san áireamh.
- Caithfear caitheamh go cothrom le gach páiste.
- Is gníomhaíocht il-áisiúneach, ildisciplíneach atá sa gcumhdach leanaí. Ní mór d'áisiúneachtaí agus do ghairmithe oibriú as lámha a chéile ar mhaithe leis na leanaí.

Measúnú Riosca

Ullmhaíodh an Ráiteas um Chumhdach Leanaí don tseirbhís seo tar éis measúnú a dhéanamh ar aon díobháil (riosca), a d'fhéadfadh a bheith ann do leanbh agus é/í ag úsáid na seirbhíse. Tá liosta de na rioscaí a haithníodh agus an nós imeachtaí a ba chóir a leanacht chun na rioscaí a láimhseáil thíos.

Catagóir Riosca	Na Príomhnósanna imeachta agus rialuithe atá i bhfeidhm chun an riosca a aithníodh a láimhseáil
1. An riosca díobhála do leanbh ó bhall foirne, oibrí deonach nó macléinn; riosca ar líne san áireamh	Beartas um chosaint agus leas leanaí agus nós imeachta tuairiscithe FnaSS Nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin An Beartas Muinín i gCúram agus an nós imeachta chun líomhaintí mí-úsáide a dhéantar i gcoinne ball foirne a láimhseáil Cód Caighdeán agus Iompraíochta FnaSS Polasaithe maoirseachta foirne Beartais agus Caighdeáin um Theicneolaíocht Faisnéise Náisiúnta FnaSS chun sábháilteacht ar líne a chinntiú (an Beartas um Chumarsáid Leictreonaí agus Caighdeán Scagaire Ábhar Idirlín san áireamh)
2. An riosca díobhála do leanbh ó úsáideoir seirbhíse (duine fásta nó páiste) cuairteoir nó ball den phobal; riosca ar líne san áireamh	Maoirseacht / tionlacan / beartais iontrála de réir mar a bhaineann le seirbhís áitiúil Beartais rochtana poiblí mar a bhaineann le seirbhísí áitiúla Beartais agus Caighdeáin Teicneolaíochta Faisnéise Náisiúnta FnaSS chun sábháilteacht ar líne a chinntiú (an Beartas um Chumarsáid Leictreonaí agus Caighdeán Scagaire Ábhar Idirlín san áireamh)
3. An riosca díobhála do leanbh de bharr údar inní faoi chosaint nó leas leanaí de bharr nár aithin nó nár thuairisc ball foirne é	Oiliúint ríomhfhoghlama éigeantach "Tús Áite do Leanáí" do gach ball foirne de chuid FnaSS Beartas um Chosaint agus Leas agus Nós Imeachta Tuairiscithe FnaSS Nós imeachta chun liosta de Dhaoine Sainordaithe a chothabháil Tús Áite do Leanáí mar chuid d'Ionduchtú Fostaithe Straitéis Oiliúna agus Acmhainní Oifig Náisiúnta Tús Áite do Leanáí FnaSS
4. An riosca díobhála do leanbh de bharr údar inní faoi chosaint nó leas leanaí de bharr nár aithin nó nár thuairisc leanbh	Oiliúint ríomhfhoghlama éigeantach "Tús Áite do Leanáí" do gach ball foirne de chuid FnaSS Ábhar atá oiriúnach do pháistí maidir le tuairisc a dhéanamh mura n-airíonn sé sábháilte
5. An riosca díobhála do leanbh de bharr nach bhfuil an tAcht um Thús Áite do Leanáí 2015 agus / nó treoir ghaolmhar FnaSS á fheidhmiú	An nós imeachta chun Duine Ainmnithe a cheapadh chun críocha an Ráitis um Chumhdach Leanaí Struchtúir Rialachais Tús Áite do Leanáí FnaSS á chur i bhfeidhm Iniúchadh Inmheánach agus bearta um dhearbhu comhlíonadh
6. Eile (Rioscaí / srianta a aithníodh)	

Nóta: Is é an sainmhíniú ar dhíobháil maidir le leanbh ná: "(a) ionsaí, droch-chóireáil nó faillí ar an leanbh ar bhealach a théann i bhfeidhm go tromchúiseach nó ar dóigh dó cur isteach go tromchúiseach ar shláinte, ar forbairt nó ar leas an linbh, nó (b) drochúsáid ghnéasach an linbh" (An tAcht um Thús Áite do Leanáí 2015).

Nóta: Is liosta cónasctha rioscaí é seo, grúpáilte i dtéamaí. Tá an Ráiteas seo bunaithe ar dhoiciméad measúnaithe riosca tánaisteach níos mionsonraithe ar féidir a chur ar fáil ach é a iarraidh.

Nósanna Imeachta - (Tá gach Nós Imeachta Náisiúnta FnaSS ar fáil ar www.hse.ie).

Ullmhaíodh an Ráiteas um Chumhdach Leanaí de réir an Achta um Thús Áite do Leanáí 2015, Tús Áite do Leanáí Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanáí (2017), Treoir FnaSS maidir le Ráiteas um Chosaint Leanáí a Fhorbairt arna eisiúint ag Tusla - An Gníomhaireacht um Leanáí agus an Teaghlach. Tacaíonn na beartais agus na nósanna imeachta seo a leanas leis an aidhm atá againn leanaí a bhaineann leas as an tseirbhís FnaSS seo a chosaint:

- Polasaí Comhtháite Bainistíochta Riosca chun aon riosca díobhála a mheas agus a bhainistiú
- Creat um Bhainistíocht Teagmhais FnaSS 2020 chun bainistíocht FnaSS a chur ar an eolas maidir le haon eachtra ina ndearnadh díobháil do leanbh agus leas á bhaint aige/aici as an tseirbhís.

An duine cuí faoin Acht um Thús Áite do Leanáí 2015

Ainm:

Sonraí Teagmhála:

Ba chóir gach ceist faoin ráiteas seo, agus an measúnú riosca a a thacaíonn leis, a sheoladh chuig an Duine Ábhartha.

Cur i bhfeidhm

Aithnímid gur próiseas leanúnach é an cur i bhfeidhm. Tá ár seirbhís tiomanta an Ráiteas um Chosaint Leanáí seo a do chur i bhfeidhm maraon leis na nósanna imeachta atá mar thaca aige. Tá sé d'aidhm againn leanaí a choinneáil sábháilte ó dhochar nuair atá siad ag baint leasa as ár seirbhís. Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas um Chosaint Leanáí seo ar nó nuair is féidir tar éis athrú ábhartha a bheith ar aon ábhar dá dtagraíonn an ráiteas.

Síniú an Bhainisteora Seirbhíse:

Teideal:

Priontáil Ainm:

Seoladh na seirbhíse: